**RABHADH**

**NÍ MÓR duit an Páipéar Ceisteanna seo a chur ar ais le do leabha(i)r freagraí ag deireadh an Scrúdaithe, nó caillfear marcanna.**

**Scríobh d'Uimhir Scrúduithe anseo ⇒** [ ]

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2004**

**DÉ CÉADAOIN, 23 MEITHEAMH 2004, MAIDIN 9.30 –12.00**

# EACNAMAÍOCHT TALMHAÍOCHTA- GNÁTHLEIBHÉAL

**(320 Marc)**

Freagair **cúig cheist déag** as Roinn I agus **ceithre** cheist as Roinn II. Níor cheart duit níos mó ná uair an chloig a chaitheamh le Roinn I.

## ROINN I (120 marc)

Freagair **cúig cheist déag**.
Scríobh na freagraí sna spásanna cuí.
Tá na ceisteanna ar fad ar aon mharc.

## ROINN II (200 marc)

Freagair **ceithre** cheist.
Scríobh na freagraí i do fhreagarleabha(i)r.
Tá na ceisteanna ar fad ar aon mharc (50 marc).
**Ná** scríobh na freagraí do Roinn II ar an gceistpháipéar seo.

**NÁ DEARMAD AN CEISTPHÁIPÉAR SEO A THABHAIRT AR AIS LEIS AN/NA F(H)REAGARLEABHA(I)R A ÚSÁIDEADH CHUN NA CEISTEANNA I ROINN II A FHREAGAIRT.**

# ROINN I (120 marc)

Freagair **cúig cheist déag**.
Scríobh na freagraí sna spásanna cuí.
Tá na ceisteanna ar fad ar aon mharc.

1. Is é a chiallaíonn talmhaíocht i staitisticí oifigiúla ná ______________________________

______________________________

2. Maidir le talamh a thógáil ar cíos, tá an cleachtas in Éirinn difriúil ar dhá bhealach thábhachtacha leis na cleachtais sa chuid is mó de thíortha Iarthar na hEorpa. Luaigh ceann **AMHÁIN** de na difríochtaí seo.

______________________________

3. Luaigh **DHÁ** chúis le leibhéal íseal na n-ioncam feirme i gConnachta.

(i) ______________________________

(ii) ______________________________

4. Luaigh **TRÍ** chéim ar bith sa bhiashlabhra.

(i) ______________________________

(ii) ______________________________

(iii) ______________________________

5. Cén fáth a raibh titim ar líon na mbó bainne in Éirinn le blianta beaga?

______________________________

6. Cén tír ina bhfuil an margadh is mó d'easportálacha uaineola na hÉireann?

______________________________

7. Luaigh an **toisc tháirgeachta** a ghnóthaíonn brabús. ______________________________

8. Barr an-bhrabúsach é biatas siúcra. Cén fáth nach dtáirgíonn feirmeoirí na hÉireann níos mó de?

______________________________

______________________________

______________________________

9. Ainmnigh dhá eagraíocht feirmeoireachta.

(i) ______________________________

(ii) ______________________________

10. Sainmhínigh praghasleaisteachas an tsoláthair ______________________

______________________

11. Luaigh **DHÁ** chúis ar bith le hathrú ar an éileamh ar mhairteoil le himeacht ama.

(i) ______________________

(ii) ______________________

12. Mínigh an téarma **aonaid saothair** mar a bhaineann sé le feirm. ______________________

______________________

______________________

13. Luaigh an fheidhm atá ag COPA (i mBéarla) san Aontas Eorpach ______________________

______________________

14. Is féidir le feirmeoirí caipiteal nua a fháil ó thrí fhoinse. Luaigh **DHÁ** cheann díobh:

(i) ______________________

(ii) ______________________

15. Sainmhínigh **fás eacnamaíoch**. ______________________

______________________

16. Luaigh sampla **AMHÁIN** de gach ceann de na hionchuir seo a leanas:

(i) iad siúd a sholáthraítear laistigh den fheirmeoireacht agus a úsáidtear laistigh den fheirmeoireacht den chuid is mó ______________________

______________________

(ii) iad siúd a sholáthraítear lasmuigh den fheirmeoireacht agus a úsáidtear lasmuigh den fheirmeoireacht den chuid is mó ______________________

______________________

17. Cén ról ata ag Comhairle na nAirí Talmhaíochta laistigh den Aontas Eorpach (AE)?

______________________

18. Cad í Scéim na gCeantar faoi Mhíbhuntáiste? ______________________

______________________

19. Cén t-ainm atá ar an mBuiséad a mhaoiníonn an Comhpholasaí Talmhaíochta? ______________________

______________________

20. Ainmnigh **DHÁ** ghníomhaireacht chúnaimh thar lear a chuidíonn le tíortha i mbéal forbartha.

(i) ______________________

(ii) ______________________

**Ná dearmad an ceistpháipéar seo a thabhairt ar ais leis an/na f(h)reagarleabha(i)r a úsáideadh chun na ceisteanna i Roinn II a fhreagairt.**

# ROINN II (200 marc)


Freagair **ceithre** cheist.
Scríobh na freagraí i do fhreagarleabha(i)r.
Tá na ceisteanna ar fad ar aon mharc (50 marc).
**Ná** scríobh na freagraí do Roinn II ar an gceistpháipéar seo.

**1.** Taispeánann an léaráid thíos an soláthar míosúil mairteola agus bainne in Éirinn.

**(a)** Cén chúis atá leis na hathruithe séasúrtha sa soláthar míosúil den dá cheann?

**(b)** Luaigh agus mínigh **DHÁ** fhadhb mhargaíochta a bhaineann leis an bhfeirmeoireacht mar gheall ar na hathruithe seo.

**(c)** Cén seans atá ann gurbh fhéidir na buaiceanna a mhaolú sa todhchaí i gcás mairteola **nó** bainne? Mínigh do fhreagra go hachomair.





**[50 marc]**

**2.** "Is úinéirí-sealbhóirí iad feirmeoirí na hÉireann".
Mínigh an ráiteas seo **agus** rianaigh na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann leis an gcineál seo seilbhe.

**[50 marc]**

**3.** Léaráid éilimh agus soláthair a sheasann do mhargadh na mairteola atá anseo thíos:



**(a)** Cóipeáil an léaráid thuas i do leabhar freagraí agus lipéadaigh na haiseanna agus cuair an éilimh agus an tsoláthair.

**(b)** Taispeáin ar an léaráid an praghas cothromaíochta agus an chainníocht chothromaíochta.

**(c)** Mínigh go hachomair an chaoi a mbeadh tionchar ag na hathruithe seo a leanas ar phraghas na mairteola ar an margadh saor:

- **(i)** laghdú ar phraghas na muiceola;
- **(ii)** ardú ar chumhacht cheannaigh tomhaltóirí;
- **(iii)** ráig eile de BSE.

**[50 marc]**

**4.** "Ní hé ioncam an fheirmeora amháin a dhearbhaíonn leas eacnamaíoch an fheirmeora".

- **(i)** Mínigh an ráiteas seo.
- **(ii)** Luaigh agus mínigh **DHÁ** fhoinse eile leasa ag an bhfeirmeoir.

**[50 marc]**

**5.** Déan idirdhealú idir **CEITHRE** cinn ar bith díobh seo a leanas:

- **(i)** Oll-aschur Talmhaíochta agus Olltáirge Talmhaíochta;
- **(ii)** Íocaíochtaí Easnaimh agus Íocaíochtaí Cinn;
- **(iii)** Rótharraingt Bhainc agus Iasacht Théarmach;
- **(iv)** Sócmhainní Seasta agus Sócmhainní Reatha ar Chlár Comhardaithe;
- **(v)** Feirmeoirí Inmharthana agus Neamh-Inmharthana.

**[50 marc]**

**6.** Cé go mbaineann roinnt buntáistí leis an gcúnamh bia a thugann tíortha saibhre do thíortha bochta, baineann míbhuntáistí móra eacnamaíocha leis freisin. Luaigh agus mínigh **TRÍ** mhíbhuntáiste díobh seo.

**[50 marc]**

**Ná dearmad an ceistpháipéar seo a thabhairt ar ais leis an/na f(h)reagarleabha(i)r a úsáideadh chun na ceisteanna i Roinn II a fhreagairt.**